An geilleagar ag fás

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar thuairisc faoi dhreamanna éagsúla ag caint faoin bhfás atá le teacht ar an ngeilleagar sa bhliain amach romhainn. Sula bhféachann tú ar an tuairisc, pléigh na ceisteanna seo le do ghrúpa:

1. Ceangail na teidil Ghaeilge leis na giorrúcháin chuí i mBéarla.

IBEC:	olltáirgeacht intíre (OTI)
GDP:	gnóthais bheaga agus mheánmhéide
SMEs:	Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann

2. Is amhlaidh nach mbaintear úsáid as an ngiorrúchán Gaeilge i gcónaí. Cén fáth, dar leat?

Ceist 2 Cad is brí leis na focail / na frásaí seo thíos? Beidh siad le cloisteáil (agus le feiceáil) sa mhír ar ball.

- forás
- tuartha
- ar aon intinn
- ar fud na cruinne
- borradh
- diaidh ar ndiaidh
- saineolaí
- tionchar
- déine fhioscach
- caiteachas teaghlaigh

Féach ar an mír den chéad uair agus téigh siar ar na focail thuas arís.

Ceist 3 Anois, féach ar an tuairisc arís agus scríobh achoimre ghearr ar ábhar na míre.

Ceist 4 '…má <u>leanann</u>…' *agus* '…má <u>thugann</u>...'

1. Cén aimsir atá i gceist leis na briathra sna samplaí thuas?

2. Baintear úsáid as **má** agus an aimsir thuas go minic chun tagairt a dhéanamh don am atá le teacht. Críochnaigh an abairt seo:

   Má chríochnaíonn tú an obair in am….

3. Cuir Gaeilge ar na habairtí thíos. Ná déan dearmad go séimhítear túschonsain a leanann **má** de ghnáth. Ní shéimhítear na briathra **bí** nó **abair** áfach.

- If I get the money, I'll go.
- Will you finish on time, if I help you?
- If he eats all that he'll be sick.
- If you see Seán, he'll give you the money.
- If they say things like that, no one will believe them.

Ceist 5 Féach ar na focail seo a bhí sa mhír agus líon na bearnaí sa bhosca:

fostóirí, an t-úinéir agus saineolaí

An tuiseal ainmneach, uatha		an t-úinéir	an saineolaí
An tuiseal ainmneach, iolra	na fostóirí		
An tuiseal ginideach, uatha	…an fhostóra		an tsaineolaí
An tuiseal ginideach, iolra		…na n-úinéirí	

Ceist 6 Féach ar an mír arís agus breac síos an oiread samplaí den urú agus is féidir leat. Féach cad a bhí ag an duine in aice leat.

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Is féidir gach beirt a chur ag plé na gceisteanna seo sula seinntear an tuairisc nó iad a chur ag obair i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

IBEC: Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann
GDP: olltáirgeacht intíre (OTI)
SME: gnóthais bheaga agus mheánmhéide

Ceist 2

Is féidir an stór focal seo a phlé tar éis féachaint amháin.

- forás – progress / growth
- tuartha – expected / predicted
- ar aon intinn – in agreement with
- ar fud na cruinne – across the globe
- borradh – growth / surge
- diaidh ar ndiaidh – gradually
- saineolaí – expert
- tionchar – influence
- déine fhioscach – fiscal severity
- caiteachas teaghlaigh – household expenditure

Ceist 3

Tabhair deis do na foghlaimeoirí achoimre ghearr a scríobh.

Ceist 4

1. An aimsir láithreach.
2. *Má chríochnaíonn tú an obair in am,* ***tabharfaidh*** *mé síob abhaile duit.* Beidh tuairimí éagsúla ag na foghlaimeoirí, ach ba cheart go mbeadh an briathar san aimsir fháistineach.
3.
   - Má fhaighim an t-airgead, rachaidh mé.
   - An gcríochnóidh tú in am má chuidím leat?
   - Má itheann sé sin ar fad, beidh sé tinn.
   - Má fheiceann tú Seán, tabharfaidh sé an t-airgead duit.
   - Má deir siad a leithéid, ní chreidfidh aon duine iad.

Ceist 5

An tuiseal ainmneach, uatha	an fostóir	an t-úinéir	an saineolaí
An tuiseal ainmneach, iolra	na fostóirí	na húinéirí	na saineolaithe
An tuiseal ginideach, uatha	…an fhostóra	…an úinéara	…an tsaineolaí
An tuiseal ginideach, iolra	…na bhfostóirí	…na n-úinéirí	…na saineolaithe

Ceist 6

‘go dtiocfaidh’	**‘faoin gcéad’**
‘ar an ngeilleagar’	‘I nGaeltacht’
‘a gcuid’	‘go dtiocfaidh’
‘diaidh ar ndiaidh’	‘Bárd na nGleann’
‘I mBéal Átha an Ghaorthaidh’	‘ag an mBárd’
‘i bhfad’	‘ag an bpointe’
‘i gcomparáid’	‘ag an mbuiséad’

Emer Ní Chonaola
Fáilte ar ais. Measann Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann, nó IBEC, go dtiocfaidh fás trí faoin gcéad ar an ngeilleagar i 2014, mar go bhfuil feabhas tagtha ar an margadh baile agus ar mhargaí idirnáisiúnta. I nGaeltacht Mhúscraí, tá beirt de na fostóirí is mó sa réigiún ar aon intinn le IBEC.

Grett O'Connor
Dhá mhilliún pailléad adhmaid a dhéantar gach bliain anseo in *Mid Cork Pallets*, agus is orthu agus iontu a chuireann comhlachtaí Éireannacha a gcuid earraí ar fud na cruinne. Deir an t-úinéir Seán Ó Liatháin go bhfuil fianaise ann go bhfuil feabhas ar an eacnamaíocht.

Seán Ó Liatháin
Tá borradh agus fás beag ag teacht. Tá sé mall gan dabht agus beidh sé mall, ach má leanann an rialtas ag cruthú postanna[1] agus má thugann siad níos mó cabhrach do na comhlachtaí beaga ar fud na tíre, na *SMEs*, táim dóchasach go dtiocfaidh muid as seo diaidh ar ndiaidh.

Grett O'Connor
Seirbhísí scríbhneoireachta teicniúla a chuireann Bárd na nGleann i mBéal Átha an Ghaorthaidh ar fáil.

Tomás Mac Gearailt
Bhuel, nócha cúig faoin gcéad d'obair atá ag an mBárd, braitheann sé ar thíortha thar lear. An chuid is mó de sin, braitheann sé ar na Stáit Aontaithe. Tá feabhas mór ag teacht air sin. Agus do thír bheag cosúil le hÉirinn, beidh muid ag brath ar thíortha thar lear chun cabhrú leis an eacnamaíocht dul ar aghaidh. *So*, dá bhrí sin ceapaim go rachaidh an eacnamaíocht ar aghaidh go maith an bhliain seo chugainn.

Grett O'Connor
Ach creideann saineolaí amháin nach bhfuil tuairimí IBEC réadúil.

An Dr. Tom Healy
Ceapaim go bhfuil siad i bhfad ródhóchasach ag an bpointe seo. Tá muidne ag caint faoi…borradh timpeall aon faoin gcéad de GDP i gcomparáid le dó faoin gcéad atá fógartha ag an rialtas agus trí faoin gcéad ag IBEC. Fós, tá tionchar ag an mbuiséad agus an déine fhioscach ar theaghlaigh agus tá sé sin ag cur isteach go mór ar chaiteachas teaghlaigh. Mar sin ceapann muid go bhfuil…nach bhfuiltear ag súil le mórán de bhorradh[2] sa bhliain atá romhainn amach.

Grett O'Connor
Grett O'Connor, Nuacht TG4

[1] *ag cruthú post* atá sa Chaighdeán Oifigiúil
[2] '*nach bhfuil mórán borradh le súil'* a deirtear